# Scéal/Eachtra

- Aimsir chaite (don chuid is mó)
- Ord cróineolaíoch
- Suíomh le ham, áit, ócáid agus daoine
- Mothúcháin
- Insint nó athinsint ar imeachtaí

**Luaigh mé:**

# Léirmheas ar an Litríocht

- Briathra agus aimsirí éagsúla - Saorbhriathar
- Tagairt rialta don phíosa litríochta
- Línte ón saothar chun tacú le mo phointe
- Mo thuairim féin
- Cónaisc éagsúla: mar, dá bhrí sin, ar an mbonn sin...

**Luaigh mé**

# Cárta Poist

- Briathra agus aimsirí éagsúla
- Dáta, beannú agus críoch oiriúnach
- Gníomhbhriathra
- Sonraí agus tuairimí pearsanta
- Mothúcháin
- Rud faoi gach ábhar ar an gceist (Aimsir, turas, bia...)

**Luaigh mé**

# Litir

- Briathra agus aimsirí éagsúla
- Seoladh, dáta, beannú agus críoch oiriúnach
- Gníomhbhriathra
- Sonraí agus tuairimí pearsanta
- Mothúcháin
- Rud faoi gach ábhar ar an gceist (Daoine, rud a tharla...)

**Luaigh mé**

# Ríomhphost

- Briathra agus aimsirí éagsúla
- Modh coinníollach, Modh Ordaitheach
- Seoladh, dáta, beannú agus críoch oiriúnach
- Gníomhbhriathra
- Sonraí agus tuairimí pearsanta
- Mothúcháin
- Rud faoi gach ábhar ar an gceist (Taithí, rud a tharla...)

**Luaigh mé**

# Aiste

- Aimsir láithreach
- Aimsir fháistineach
- Aimsir chaite

- Modh coinníollach
- Saorbhriathar

Nathanna mar:

- ansin
- ina dhiaidh sin
- tar éis
- mar sin

- dá bhrí sin
- mar
- ar an mbonn sin
- de bharr sin

- dá thairbhe
- cibé ar bith
- cé is moite...
- anuas ar sin

Luaigh mé: Teideal na haiste ag tús gach alt

# Aiste (Na Cnámha)

## 1. Réamhrá

- Ábhar conspóideach is ea é gan amhras.
- Tá an cheist seo pléite agus athphléite ag polaiteoirí, ag iriseoirí agus ag saineolaithe/ag an bpobal i gcoitinne.

## 2. An scéal mar atá sé faoi láthair

- Ní gá dúinn ach éisteacht le ceannlínte na nuachta lá ar bith agus cloisfimid tagairt éigin do X
- Is mór an náire é scéal mar seo a bheith ag titim amach sa tríú mílaois i dtír chomh nua-aimseartha mar Éirinn, dar liom.

## 3. Na cúiseanna

- Is é mo thuairim go bhfuil meascán de chúiseanna leis an bhfadhb chasta seo
- Anuas air sin, ní dóigh liom go bhfuil mórán á dhéanamh ag X (polaiteoirí/an Rialtas/tuismitheoirí /Ceannairí Stáit) chun an scéal a chur ina cheart ach oiread.

## 4. Réiteach ar an scéal nó an scéal amach anseo

- Mar a luaigh mé cheana ní fadhb shimplí é agus dá bhrí sin, ní bheidh réiteach simplí i gceist
- Ní féidir a shéanadh gur deacair fadhb mar seo a réiteach, ach ní mór dúinn rud éigin a fiúntach a dhéanamh láithreach.

## 5. An chríoch

- Mar fhocal scoir/ i ndeireadh báire/ Ar deireadh thiar thall/ Agus deireadh ráite.
- Mar a deir an seanfhocal: "Is fearr go mall ná go brách"

# Cuireadh

- Briathra agus aimsirí éagsúla
- Caint ghineáralta

| • Cónaisc loighciúla: | • Focail mheastóireachta: |
|---|---|
| • mar<br>• dá bhrí sin<br>• ar an mbonn sin<br>• dá thairbhe | ❑ suntasach<br>❑ luachmhar<br>❑ tábhachtach |

**Luaigh mé**